

Féile na Meán Ceilteach – Socrúchán Oibre

I measc na bhfreagrachtaí, airítear:

- Iontrálacha ar an gcomórtas a bhainistiú
- Clárú toscairí a bhainistiú
- Taisteal / lóistín aionna a chomhordú
- Dul i gcomhairle leis an gcomhlacht deartha maidir le hábhar na féile atá le dul i gcló, eagarthóireacht agus profáil a dhéanamh air
- An láithreán gréasáin a nuashonrú agus a thástáil
- Oifig na féile a reáchtáil ó lá go lá
- Sonraí a chur isteach agus an bunachar sonraí a chothabháil
- Dialann na hOifige a Eagrú
- Cruinnithe Boird a Eagrú
- Cruinnithe Coiste Áitiúil a Eagrú
- Miontuairiscí a Ghlacadh

Taithí:

- Ag obair ar fhéile idirnáisiúnta
- Ag obair le teangacha Ceilteacha
- Ag obair ar phróiseas giúiré do ghradaim idirnáisiúnta
- Ag obair le daoine gairmiúla sa RA, in Éirinn agus san Eoraip
- Socrúcháin lae nó seachtaine i dtionscal na meán i nGlaschú

Scileanna:

- Eolas a fhorbairt ar Thionscal na Meán Cumarsáide:
Cuirfear ar do chumas tríd an bpost seo léargais bharrthábhachtacha a fháil agus teagmháil a dhéanamh le gairmithe i dtionscal na meán sa RA, in Éirinn agus san Eoraip.
- Eolas a fhorbairt faoi na teangacha Ceilteacha laistigh de na Meáin Chumarsáide:
Tá an fhéile ann chun cultúir agus teangacha na dtíortha Ceilteacha a chur chun cinn trí scannáin, teilifís, raidió agus trí mheáin nua
- Páirt a ghlacadh chun clár imeachtaí na comhdhála a fhorbairt:
Oibriú go dlúth le Stiúrthóir na Féile maidir leis an gclár a fhorbairt lena n-áirítear príomhimeachtaí na comhdhála agus imeachtaí poiblí saor in aisce.
- Oibriú faoi bhrú:
Sa tréimhse roimh an bhFéile, mar chuid den ról, beifear ag dul i ngleic le srianta ar minic iad a bheith lasmuigh de do smacht - d'fhéadfadh siad seo a bheith ina srianta ó thaobh acmhainní nó ama de, an deacracht a bhaineann leis an tasc nó gan do dhóthain eolais a bheith agat a bheadh ag teastáil chun an tasc a chur i gcrích, nó dúshláin nó fadhbanna gan choinne a bheith ann.
- Pointeáilte:
Beidh roinnt tascanna i gceist sa ról ina mbeidh gá a bheith thar a bheith pointeáilte - gradaim a eagrú, miontuairiscí a ghlacadh, taisteal a chur in áirithe, lóistín a chur in áirithe agus gach ábhar clóite a chur in eagar ina measc.
- Bainistíocht Ama:
Tá dea-scileanna bainistíochta ama riachtanach don ról seo de réir mar a bheidh am na féile ag teannadh linn. Deis a bheidh sa ról seo cur le do chuid táirgiúlachta agus éifeachtúlachta trí thascanna a chur in ord tosaíochta agus iad a eagrú ar bhealach éifeachtúil.
- Fadhbanna a Réiteach:

Sa timpeallacht seo ina ngluaiseann cúrsaí go mear, áireofar sa ról deiseanna chun réitigh chruthaitheacha agus éifeachtacha a aimsiú, na rudaí nach mór a dhéanamh a aithint agus gníomh a ghlacadh.

Intéirneacht i bhFéile na Meán Ceilteach (Glaschú)

Is féile trí lá í Féile na Meán Ceilteach ina ndéantar ceiliúradh ar scoth na scannánaíochta, teilifíse, raidió agus meán nua as Albain, Éirinn, an Bhreatain Bheag, Corn na Breataine, Oileán Mhanann, an Bhriotáin agus an Ghailís. Tá roinnt gnéithe i gceist: idir scannáin a bheith á dtaispeáint, díospóireachtaí comhdhála, líonrú gnó foirmiúil agus spraoi! Chomh maith leis sin, féachtar mar chuid den fhéile le rannpháirtíocht an phobail a mhealladh nuair is cuí.

Tá CMF ag tairiscint post 6 mhí a bheidh lonnaithe i nGlaschú, Nollaig 2019/Eanáir 2020 - Lár mhí an Mheithimh 2020, ina mbeidh rannpháirtíocht dhian i gceist chun an t-imeacht measúil seo do thionscal na meán cumarsáide a eagrú agus a chur i gcrích agus a bheidh ar siúl i Quimper, an Bhriotáin, (An Fhrainc) ón 2 go dtí an 4 Meitheamh 2020.

Riarthóir maith a bheidh sa té a n-éireoidh leis/léi ag a mbeidh sárscileanna eagrúcháin, leibhéal an-ard litearthachta, aird den scoth ar mhionchruinneas agus dea-scileanna bainistíochta ama.

Is deis iontach é seo do dhuine atá ag iarraidh taithí a fháil ar mar a oibríonn imeacht idirnáisiúnta, lena chuid eolais ar thionscal na meán cumarsáide sa RA, in Éirinn agus san Eoraip a fhorbairt agus tuilleadh a fhoghlaim faoi chultúir agus teangacha ceilteacha sna meáin chumarsáide. Nuair is féidir é a dhéanamh, áireofar mar chuid den socrúchán seo deiseanna socrúcháin lae ag obair i dtionscal na meán i nGlaschú.

Tá pas de dhíth ós rud é go mbeidh roinnt taistil i gceist.

Post: Intéirneacht

Bunáit Oifige: Glaschú agus láthair na Féile le linn na féile féin.

Uaireanta Oibre:

9.30am go 5.30pm Luan go hAoine. Beidh roinnt uaireanta neamhrialta i gceist ag dréim leis an bhféile agus le linn na féile féin.

I measc na bhfreagrachtaí, airítear:

- Cuidiú le Cruinnithe Giúiré Náisiúnta agus Idirnáisiúnta a chomhordú
- Clárú toscairí a chomhordú
- Taisteal / lóistín aionna a chomhordú
- Cúnamh a thabhairt maidir le hábhar na féile atá le cur i gcló, eagarthóireacht agus profáil a dhéanamh air
- Cuidiú le Stiúirthóir na Féile maidir le comhdhálacha a chlárú
- An láithreán gréasáin a nuashonrú agus a thástáil
- Láithreán gréasáin *CMF Connect* a nuashonrú
- Dialann na hOifige agus Taisteal Bhall Foirne a Eagrú
- Post díreach a chomhordú (ríomhphost)
- Cruinnithe Boird a Eagrú
- Cruinnithe Coiste Áitiúil a Eagrú
- Miontuairiscí a Ghlacadh

Scileanna agus taithí a bhfuiltear ag súil leo:

- Litearthacht i TF, Word, Excel (tá dea-scileanna méarchláir riachtanach)
- Ardchaighdeán litearthachta
- Scileanna eagrúcháin cruthaithe
- Cumarsáid mhaith a dhéanamh - idir scríobh agus labhairt
- A bheith in ann oibriú mar dhuine d'fhoireann agus a bheith féinspreagtha
- Suim sna meáin chumarsáide agus i gcultúr

Scileanna agus taithí inmhianta:

- Suim i dtionscal na meán cumarsáide agus go háirithe i gcultúir Cheilteacha (riachtanach)
- Scileanna teanga i bhFraincis (inmhianta)